BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Deichiú Dlísheomra)

13 Márta 2025 *

(Tarchur chun réamhrialú – Cosaint tomhaltóirí – Treoir 93/13/CEE – Téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra – Airteagal 4(2), Airteagal 6(1) agus Airteagal 7(1) – Pointe 1(i), (j) agus (m) san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 93/13 – Comhaontuithe creidmheasa tomhaltóirí – Clásal lena gceanglaítear ar thomhaltóir comhaontú ráthaíochta a thabhairt i gcrích – Ráthóir arna roghnú ag an gcreidiúnaí – Eisiamh téarmaí a bhaineann le príomhábhar an chonartha – Conradh atá coimhdeach le comhaontú creidmheasa – Cumhachtaí cúirteanna náisiúnta – Nós imeachta maidir le hordú íocaíochta – Treoir 2005/29/CE – Cleachtais tráchtála éagóracha – Airteagail 5 agus 8 – Iarscríbhinn I – Treoir 2008/48/CE – Airteagal 3(g), (i) agus (n), Airteagal 10(2), Airteagal 15(2) agus Airteagal 23 – Comhaontú creidmheasa nasctha – Coincheap – Costas iomlán an chreidmheasa don tomhaltóir – An ráta céatadánach bliantúil – Easpa léiriú ar chostais ábhartha – Pionós)

I gCás C-337/23,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ó Sofiyski rayonen sad (Cúirt Dúiche Shóifia, an Bhulgáir), trí bhreith an 29 Bealtaine 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 29 Bealtaine 2023, sna himeachtaí

APS Beta Bulgaria EOOD,

Agentsia za kontrol na prosrocheni zadalzhenia AD

tugann AN CHÚIRT (an Deichiú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: D. Gratsias, Uachtarán Dlísheomra, I. Jarukaitis, Uachtarán an Cheathrú Dlísheomra, agus Z. Csehi (Rapóirtéir), Breitheamh,

Abhcóide Ginearálta: A. M. Collins

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint do na himeachtaí i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Agentsia za kontrol na prosrocheni zadalzhenia AD, ag E.A. Damyanova, advokat, agus Y. B. Yanakiev,

* Teanga an cháis: an Bhulgáiris.

– Rialtas na Seice, ag L. Březinová, M. Smolek agus J. Vláčil, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag P. Ondrršek, E. Rousseva, N. Ruiz García, H. Tserepa-Lacombe agus P. Vanden Heede, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 12 Meán Fómhair 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 4(1) agus (2), Airteagal 5, Airteagal 6(1) agus Airteagal 7 de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra (IO 1993 L 95, lch. 29) agus ar phointe 1(b), (c), (i), (j) agus (m) den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 93/13 agus Airteagal 8 de Threoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagóracha gnólachtaí le tomhaltóir sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoracha 97/7/CE, 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2005 L 149, lch. 22), Airteagal 3(g), Airteagal 10(2)(g), Airteagal 15(2) agus an dara habairt d'Airteagal 23 de Threoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le comhaontuithe creidmheasa do thomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 87/102/CEE ón gComhairle (IO 2008 L 133, lch. 66) agus Airteagal 2(2) agus Airteagal 14(1) de Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó Árachais agus Athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (IO 2009 L 335, lch. 1).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí chun orduithe a eisiúint, i bhfabhar APS Beta Bulgaria EOOD agus Agentsia za kontrol na prosrocheni zadalzhenia AD, chun fiacha airgid a íoc de bhun comhaontuithe creidmheasa tomhaltóirí agus comhaontuithe ráthaíochta.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Treoir 93/13

3 Luaitear in Airteagal 1(1) de Threoir 93/13 gurb é cuspóir na Treorach 'comhfhogasú a dhéanamh ar dhlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le téarmaí éagóracha i gconarthaí arna dtabhairt i gcrích idir trádálaí agus tomhaltóir.'
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 De réir Airteagal 2(b) den Treoir sin, chun críocha na Treorach sin, 'ciallaíonn "tomhaltóir" aon duine nádúrtha atá ag gníomhú, i gconarthaí a chumhdaítear leis an Treoir sin, chun críocha atá lasmuigh dá thrádáil, dá ghnó nó dá ghairm.'
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 3 de Threoir 93/13:

‘1. Measfar gurb éagórach téarma conartha nár caibidlíodh ar leithligh i gcás, d’ainneoin an cheanglais maidir le creideamh macánta, ina gcruthaítear leis éagothroime shuntasach chun aimhleasa an tómhaltóra idir cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe a eascraíonn as an gconradh.

[…]

3. Beidh liosta táscach agus neamh-uileghabhálach de na téarmaí a d’fhéadfaí a mheas a bheith éagórach san Iarscríbhinn.’
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 4 den Treoir sin:

‘1. Gan dochar d’Airteagal 7, déantar cineál éagórach téarma chonarthaigh a mheas trí chineál na n-earraí nó na seirbhísí is cuspóir don chonradh a chur san áireamh agus tagairt a dhéanamh, ar dháta thabhairt i gcrích an chonartha, do na himthosca uile a bhaineann leis an tabhairt i gcrích sin, lena n-áirítear téarmaí conarthacha eile, nó conradh eile ar a bhfuil sé spleách.

2. Ní bhaineann measúnú ar chineál éagórach na dtéarmaí le príomhábhar an chonartha a shainiú ná le comhoiriúnú idir an praghas agus an luach saothair, ar thaobh amháin, ná leis na hearraí nó na seirbhísí arna soláthar mar mhalairt air sin, ar an taobh eile, ar choinníoll go ndéantar na téarmaí sin a dhréachtú i bhfriotal soiléir sothuigthe.’
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 5 den Treoir sin:

‘Maidir le conarthaí ina ndréachtaítear i scríbhinn gach téarma nó téarmaí áirithe a thairgtear don tomhaltóir, ní mór na téarmaí sin a dhréachtú i bhfriotal soiléir agus sothuigthe i gcónaí. I gcás ina bhfuil amhras ann faoi bhrí téarma, beidh forlámhas ag an léiriú is fabhraí don tomhaltóir. Ní bheidh feidhm ag an riail léirithe sin i gcomhthéacs na nósanna imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 7(2).’
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Faoi Airteagal 6(1) de Threoir 93/13:

‘Déanfaidh na Ballstáit foráil nach mbeidh téarmaí éagóracha a úsáidtear i gconradh arna chur i gcrích le tomhaltóir ag trádálaí ina gceangal ar an tomhaltóir, amhail dá bhforáiltear faoina ndlí náisiúnta, agus go leanfaidh an conradh de bheith ina cheangal ar na páirtithe de réir na dtéarmaí sin más féidir leis leanúint de bheith ann gan na téarmaí éagóracha.’
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 7 den Treoir sin:

‘1. Áiritheoidh na Ballstáit, ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí agus n-iomaitheoirí, gurb ann do mhodhanna leordhóthanacha agus éifeachtacha chun cosc a chur ar úsáid leanúnach a bhaint as téarmaí éagóracha i gconarthaí arna dtabhairt i gcrích le tomhaltóirí ag trádálaí.’

2. Áireofar leis na modhanna dá dtagraítear i mír 1, forálacha trína bhféadfaidh daoine nó eagraíochtaí, a bhfuil leas dlisteanach acu faoin dlí náisiúnta maidir le tomhaltóirí a chosaint, caingean a thabhairt i gcomhréir leis an dlí náisiúnta lena mbaineann os comhair na gcúirteanna nó os comhair comhlachtaí inniúla riaracháin chun cinneadh a dhéanamh an bhfuil téarmaí

conarthacha a tarraingíodh suas le haghaidh úsáid ghinearálta éagórach, ionas gur féidir leo modhanna iomchuí agus éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun cosc a chur ar úsáid leanúnach na dtéarmaí sin.

3. Agus aird chuí á tabhairt ar dhlíthe náisiúnta, féadfar na leigheasanna dlí dá dtagraítear i mír 2 a dhíriú ar leithligh nó i gcomhpháirt ar roinnt trádálaithe ón earnáil eacnamaíoch chéanna nó ar a gcomhlachais a úsáideann nó a mholann úsáid na dtéarmaí conarthacha ginearálta céanna nó téarmaí comhchosúla.'
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 Foráiltear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir sin, dar teideal 'Clásail dá dtagraítear in Airteagal 3(3)', i bpointe 1 de:

'Téarmaí a bhfuil sé de chuspóir nó d'éifeacht acu:

[...]

b) eisiamh nó teorannú míchuí a dhéanamh ar chearta dlíthiúla an tomhaltóra i leith an trádálaí nó páirtí eile i gcás neamhchomhlíonadh iomlán nó páirteach nó comhlíonadh neamhleor aon cheann de na hoibleagáidí conarthacha ag an trádálaí, lena n-áirítear an rogha fiach atá dlite don díoltóir nó don soláthraí a fhritháireamh i gcoinne aon éileamh a d'fhéadfadh a bheith ag an tomhaltóir ina choinne;

c) comhaontú a chur de cheangal ar an tomhaltóir de bhrí go bhfuil soláthar seirbhísí ag an trádálaí faoi réir coinníoll a mbraitheann a réadú ar a thoil féin amháin;

[...]

i) an tomhaltóir a cheangal go neamh-inchúlghairthe ar théarmaí nach raibh aon fhíordheis aige eolas a fháil orthu sular tugadh an conradh i gcrích;

j) a chumasú don trádálaí téarmaí an chonartha a athrú go haontaobhach gan cúis bhailí a bheith sonraithe sa chonradh;

[...]

m) an ceart a thabhairt don trádálaí a chinneadh an bhfuil na hearraí nó na seirbhísí i gcomhréir leis an gconradh, nó an ceart eisiach a thabhairt dó aon téarma den chonradh a léiriú;

[...]'
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2005/29

11 Foráiltear le hAirteagal 5 de Threoir 2005/29, dar teideal 'Cleachtais tráchtála éagóracha a thoirmeasc', i mír 5 de:

'Tá liosta in Iarscríbhinn I de na cleachtais tráchtála a mheastar a bheith éagórach i ngach uile chás. Beidh feidhm ag an liosta aonair céanna i ngach Ballstát agus ní fhéadfar é a mhodhnú ach amháin trí

athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir seo.'
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

12 Foráiltear le hAirteagal 8 den Treoir sin, dar teideal 'Cleachtais ionsaitheacha tráchtála':

'Measfar cleachtas tráchtála a bheith ionsaitheach más rud é, ina chomhthéacs fíorasach, agus a shaintréithe agus a imthosca go léir á gcur san áireamh, trí chiapadh, trí chomhéigean, lena n-áirítear fórsa fisiceach a úsáid, nó trí thionchar míchuí, go gcuireann sé isteach go mór ar shaoirse rogha nó iompair an ghnáth-thomhaltóra maidir le táirge ar leith, nó gur dócha go gcuirfidh sé isteach go mór ar an tsaoirse nó ar an iompar sin agus, ar an gcaoi sin, go gcuireann sé faoi deara nó gur dócha go gcuirfidh sé faoi deara dó cinneadh tráchtála a dhéanamh nach ndéanfadh sé murach sin.'
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2008/48

13 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in aithris 22 de Threoir 2008/48:

'Ba cheart do na Ballstáit a bheith saor i gcónaí chun forálacha náisiúnta a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach lena dtoirmisctear ar an gcreidiúnaí a cheangal ar an tomhaltóir, i dtaca leis an gcomhaontú creidmheasa, cuntas bainc a oscailt nó conradh a thabhairt i gcrích i leith seirbhís choimhdeach eile, nó na costais nó na táillí a íoc le haghaidh na gcuntas bainc sin nó seirbhísí coimhdeacha eile. Sna Ballstáit ina gceadaítear tairiscintí comhcheangailte den sórt sin, ba cheart tomhaltóirí a chur ar an eolas, sula dtabharfar an comhaontú creidmheasa i gcrích, faoi aon seirbhís choimhdeach, a bheadh éigeantach chun an creidmheas a fháil é féin nó i gcomhréir le téarmaí agus coinníollacha tráchtála. Ba cheart costais seirbhísí coimhdeacha den sórt sin a áireamh i gcostas iomlán an chreidmheasa nó, mura féidir a méid a chinneadh roimh ré, ba cheart do thomhaltóirí faisnéis leordhóthanach a fháil ag an gcéim réamhchonarthach maidir leis na costais sin a bheith ann. Toimhdeofar gurb eol don chreidiúnaí costais na seirbhísí coimhdeacha a thairgeann sé féin don tomhaltóir nó a thairgeann sé thar ceann tríú páirtí don tomhaltóir, mura rud é go mbraitheann an praghas ar shaintréithe nó ar imthosca sonracha an tomhaltóra.'
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

14 Foráiltear le hAirteagal 3 de Threoir 2008/48, dar teideal 'Sainmhínithe':

'Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

g) ciallaíonn "costas iomlán an chreidmheasa don tomhaltóir": na costais uile, lena n-áirítear ús, coimisiúin, cánacha, agus gach cineál eile táillí a cheanglaítear ar an tomhaltóir a íoc i ndáil leis an gcomhaontú creidmheasa agus arb eol don chreidiúnaí fúthu, cé is moite de tháillí nótaire; áirítear costais i leith seirbhísí coimhdeacha a bhaineann leis an gcomhaontú creidmheasa freisin, go háirithe préimheanna árachais, más rud é, ina theannta sin, go bhfuil tabhairt i gcrích conartha seirbhíse éigeantach chun an creidmheas a fháil nó chun é a fháil ar na téarmaí agus na coinníollacha a mhargaítear;

[...]

i) [“ráta céatadánach bliantúil” (APR)]: costas iomlán an chreidmheasa don tomhaltóir, arna shloinneadh mar chéatadán bliantúil den mhéid iomlán creidmheasa, agus na táillí dá dtagraítear in Airteagal 19(2) á gcur san áireamh, i gcás inarb infheidhme;

[...]

n) ciallaíonn “comhaontú creidmheasa nasctha”: comhaontú creidmheasa faoina ndéanfar an méid seo a leanas:
   i) go n-úsáidtear an creidmheas atá i gceist go heisiach chun conradh a mhaoiniú chun earraí nó seirbhísí áirithe a sholáthar; agus
   ii) ón taobh oibiachtúil de, is aonad tráchtála iad an dá chomhaontú sin; measfar gurb ann d’aonad gnó i gcás ina maoiníonn an soláthróir nó an soláthraí seirbhíse féin an creidmheas don tomhaltóir nó, i gcás maoiniú tríú páirtí, i gcás ina n-úsáideann an creidiúnaí seirbhísí an tsoláthróra nó an tsoláthraí seirbhíse chun an comhaontú creidmheasa a thabhairt i gcrích nó a ullmhú nó i gcás ina luaitear earraí sonracha nó soláthar seirbhíse ar leith go sonrach sa chomhaontú creidmheasa.’
   [Aistriúchán neamhoifigiúil]

15 Foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 10(2) den Treoir sin:

‘Sonrófar an méid seo a leanas sa chomhaontú creidmheasa ar bhealach soiléir agus gonta:

[...]

g) [APR] agus an méid iomlán is iníoctha ag an tomhaltóir, arna ríomh tráth a thugtar an comhaontú creidmheasa i gcrích; luafar na toimhdí uile a úsáidfear chun an ráta sin a ríomh;

[...]’
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

16 De réir Airteagal 15(2) den Treoir sin:

‘I gcás nach soláthraítear na hearraí nó na seirbhísí is ábhar do chomhaontú creidmheasa nasctha, nach soláthraítear iad ach i bpáirt nó nach bhfuil siad i gcomhréir leis an gconradh chun earraí nó seirbhísí a sholáthar, beidh sé de cheart ag an tomhaltóir leigheas a lorg in aghaidh an chreidiúnaí má thionscain sé caingean in aghaidh an tsoláthróra gan rath i gcomhréir leis an dlí nó leis an gconradh chun earraí nó seirbhísí a sholáthar. Cinnfidh na Ballstáit a mhéid a fhéadfar an leigheas sin a fheidhmiú agus na coinníollacha faoina bhféadfar é a fheidhmiú.’
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

17 Foráiltear le hAirteagal 22(1) go (3) den Treoir sin:

‘1. A mhéid atá forálacha comhchuibhithe sa Treoir seo, ní fhéadfaidh na Ballstáit forálacha nach bhfuil i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos sa Treoir seo a choinneáil ar bun ná a thabhairt isteach ina ndlí náisiúnta.

2. Áiritheoidh na Ballstáit nach bhféadfaidh an tomhaltóir a chearta a tharscaoileadh faoi fhorálacha an dlí náisiúnta lena gcuirtear an Treoir seo chun feidhme nó a chomhfhreagraíonn don Treoir seo.

3. Ina theannta sin, áiritheoidh na Ballstáit nach féidir dul timpeall ar na forálacha a ghlacann siad agus an Treoir seo á cur chun feidhme acu mar thoradh ar an mbealach ina ndéantar conarthaí a fhoirmliú, go háirithe trí tharraingtí anuas nó comhaontuithe creidmheasa a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo a chomhtháthú i gcomhaontuithe creidmheasa a bhfágfadh cineál nó cuspóir na gconarthaí sin go bhféadfaí a cur i bhfeidhm a sheachaint.'
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

18 Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 23 de Threoir 2008/48:

'Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.'
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

An dlí náisiúnta

ZZD

19 Foráiltear le hAirteagal 138 den Zakon za zadalzheniyata i dogovorite (an dlí maidir le hoibleagáidí agus conarthaí, DV Uimh. 275 an 22 Samhain 1950), sa leagan is infheidhme maidir leis na príomhimeachtaí ('ZZD'):

'De réir an chomhaontaithe ráthaíochta, geallann an ráthóir do chreidiúnaí duine eile a bheith faoi dhliteanas i leith chomhlíonadh oibleagáid an duine sin. Ní mór an conradh seo a thabhairt i gcrích i scríbhinn.

Ní fhéadfaidh an ráthaíocht a bheith ann ach amháin i ndáil le fíoroibleagáid. D'fhéadfadh gealltanas todhchaíoch nó teagmhasach a bheith i gceist leis freisin.'

20 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 147 de ZZD:

'Leanfaidh an ráthóir de bheith rannpháirteach tar éis don phríomhoibleagáid dul in éag má tá caingean tionscanta ag an gcreidiúnaí in aghaidh an fhéichiúnaí laistigh de 6 mhí. Tá feidhm ag an bhforáil sin freisin i gcás ina bhfuil an ráthóir tar éis a ráthaíocht a theorannú go sainráite d'fhad na príomhoibleagáide.

Ní bheidh an síneadh ama a thabharfaidh an creidiúnaí don fhéichiúnaí infhorfheidhmithe i gcoinne an ráthóra mura mbeidh toiliú tugtha ag an ráthóir dó.'

An dlí maidir le creidmheas tomhaltóirí

21 Foráiltear le hAirteagal 19(3) agus (4) den Zakon za potrebitelskia kredit (An dlí maidir le creidmheas tomhaltóirí, DV Uimh. 18 an 5 Márta 2010), sa leagan is infheidhme maidir leis na príomhimeachtaí:

'(3) Ní áireofar i ríomh [APR] an chreidmheasa costais na nithe seo a leanas:

[1.] íocann an tomhaltóir as mainneachtain a oibleagáidí faoin gcomhaontú creidmheasa tomhaltóra a chomhlíonadh;

[2.] seachas praghas ceannaigh an táirge nó na seirbhíse atá le híoc ag an tomhaltóir agus táirge á cheannach nó seirbhís á soláthar, cibé acu a íoctar in airgead tirim nó ar chreidmheas é.

[3.] maidir le cuntas atá nasctha leis an gcomhaontú creidmheasa do thomhaltóirí a chothabháil, na costais a bhaineann le hionstraim íocaíochta a úsáid lena gcumasaítear íocaíochtaí a dhéanamh i dtaca le húsáid nó aisíoc an chreidmheasa, chomh maith le costais eile a bhaineann le híocaíochtaí a dhéanamh, mura bhfuil oscailt an chuntais sin éigeantach agus déanfar na costais a bhaineann leis an gcuntas a léiriú go soiléir agus ar leithligh sa chomhaontú creidmheasa nó i gconradh eile arna thabhairt i gcrích leis an tomhaltóir.

(4) Ní fhéadfaidh [APR] dul thar chúig oiread an úis mainneachtana ag an ráta reachtúil i leva na Bulgáire (BGN) agus in airgeadra eachtrach arna chinneadh le hordú ó Chomhairle Airí Phoblacht na Bulgáire.'

Na príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh i gcomhair réamhrialú

22 Tugtar os comhair na cúirte a rinne an tarchur, Sofiyski rayonen sad (Cúirt Dúiche Sóifia, an Bhulgáir), roinnt iarratas ar orduithe a eisiúint, i bhfabhar na n-iarratasóirí sna príomhimeachtaí, chun fiacha airgid a íoc faoi chomhaontuithe creidmheasa tomhaltóirí agus faoi chomhaontuithe ráthaíochta.

23 Tugadh na comhaontuithe creidmheasa sin do thomhaltóirí i gcrích idir dhá chuideachta airgeadais atá faoi rialú dhlí na Bulgáire agus daoine nádúrtha le haghaidh méideanna idir 300 agus 1 700 BGN, (thart ar EUR 150 agus EUR 870), atá inaisíoctha i gcomaoin tráthchodanna thar thréimhsí 3 go 18 mí, na conarthaí sin lena bhforáiltear do chur i bhfeidhm APR atá idir 39.99 % agus 50 %.

24 Faoi na comhaontuithe creidmheasa a rinneadh, ceanglaíodh ar iasachtaithe, chun an iasacht a fháil nó chun na cistí a scaoileadh níos tapúla, ráthóir a sholáthar le haghaidh foirmeacha éagsúla, arbh é ceann díobh comhaontú ráthaíochta a thabhairt i gcrích le gnóthas a raibh speisialtóireacht aige sa ghníomhaíocht sin, arna roghnú nó arna údarú ag an iasachtóir. De réir na cúirte a rinne an tarchur, rinne na hiasachtaithe uile lena mbaineann, ar an lá céanna a tugadh na comhaontuithe creidmheasa i gcrích, comhaontuithe ráthaíochta lenar foráladh do luach saothair do ráthóirí tráchtála, eadhon cuideachtaí ráthaíochta, a fhreagraíonn do shuim sa bhreis ar na haisíocaíochtaí iasachta. Níor áiríodh in APR costas ráthaíochta den sórt sin, a bhí níos mó ná 75 % den tsuim iomlán a bhí le haisíoc faoi na comhaontuithe creidmheasa.

25 Ós rud é nár chomhlíon na hiasachtaithe a ngealltanais, rinne na ráthóirí tráchtála sin, a ndearnadh a gcearta a sheachú, na suimeanna a bhí dlite faoi na comhaontuithe creidmheasa a íoc leis na hinstitiúidí iasachta. Ansin shann na cuideachtaí ráthaíochta sin a n-éilimh, lena n-áirítear an luach saothair atá dlite ó na féichiúnaithe faoi na comhaontuithe ráthaíochta, do na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí, ar cuideachtaí bailithe fiach iad go bunúsach.

26 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, cé is moite de cheann de na cásanna os a comhair, go ndearnadh na híocaíochtaí a rinne na ráthóirí tráchtála tar éis dhul in éag na tréimhse 6 mhí a leagtar síos in Airteagal 147 de ZZD, gan a mainneachtain gníomhú i leith na bhféichiúnaithe le linn na tréimhse sin a agairt i gcoinne na bpríomhchreidiúnaithe. Tugann sí faoi deara, maidir leis an bpointe sin, go léiríonn cúirteanna náisiúnta áirithe an fhoráil sin sa chaoi is go gciallaíonn

sí nach féidir ach leis an gcúirt sin brath ar dhíothú na hoibleagáide atá ar an ráthóir a ghabhann leis an easpa gníomhaíochta sin agus, mura féidir, go bhfuil sé de cheart aici caingean slánaíochta a thionscnamh i gcoinne an fhéichiúnaí mainneachtana.

27 Sa chomhthéacs sin, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, ar an gcéad dul síos, chun críocha measúnú a dhéanamh ar chineál éagórach na gclásal conarthach faoi Threoir 93/13, ar cheart comhaontuithe creidmheasa agus ráthaíochta a léiriú mar chuid de chaidreamh conarthach aonair arbh é a chuspóir dul timpeall ar Airteagal 19 den dlí maidir le creidmheas tomhaltóirí, ina leagan atá infheidhme maidir leis na príomhimeachtaí, lena bhforáiltear do APR uasta do chomhaontú creidmheasa tomhaltóirí. I ndáil leis sin, tugann sí faoi deara gur sholáthair fochuideachta de chuid an iasachtóra an ráthóir i seacht gcinn de na hocht gcás a tugadh os a comhair. Sonraítear ann freisin gur socraíodh íocaíocht an ráthóra, nach mór a dhéanamh ar na dátaí céanna le dátaí íocaíochta tráthchodanna na hiasachta, i ngach cás, ag méid a bhí níos mó ná 75 % den mhéid iomlán a bhí le haisíoc trí bhíthin an chreidmheasa. Deir sé freisin nár cuireadh an luach saothair sin san áireamh chun APR an chomhaontaithe creidmheasa a ríomh.

28 Sa dara háit, fiafraíonn sí an féidir rogha an chreidiúnaí maidir le ráthóir, atá ceangailteach ar an iasachtaí, a mheas mar chleachtas tráchtála éagórach, de réir bhrí Threoir 2005/29, agus, mura féidir, an féidir leis, i gcomhthéacs imeachtaí neamhsháraíochta, a mheas go bhfuil téarma conarthach éagórach ar bhonn amhras tromchúiseach amháin ar an bpointe sin.

29 Ar an tríú dul síos, ardaíonn an chúirt a rinne an tarchur an cheist maidir le comhoiriúnacht an chásdlí náisiúnta a bhaineann le hAirteagal 147 ZZD le hAirteagal 15(2) de Threoir 2008/48, ag glacadh leis go bhfuil sé infheidhme sa chás seo, agus le hAirteagail 5 agus 7 de Threoir 93/13.

30 Ar an gceathrú dul síos, fiafraíonn sé an gá an luach saothair don ráthaíocht, arna dhéanamh éigeantach le clásal sa chomhaontú creidmheasa, a chur san áireamh agus APR á chinneadh agus an gá caitheamh le ráiteas mícheart APR ar an mbealach céanna agus a chaithfí lena mhainneachtain é a lua sa chomhaontú creidmheasa.

31 Ar an gcúigiú dul síos, ceistíonn an chúirt a rinne an tarchur an fhéidearthacht na comhaontuithe ráthaíochta lena mbaineann a aicmiú mar chonarthaí árachais, de réir bhrí Threoir 2009/138, agus, más amhlaidh atá, an gá atá le húdarú féideartha an ráthóra i gcomhréir le hAirteagal 14 den Treoir sin.

32 Sna himthosca sin, chinn Sofiyski rayonen sad (Cúirt Dúiche Shóifia) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘1. An gcaithfear Airteagal 4(2) agus Airteagal 6(1) de [Threoir 93/13] ón gComhairle a léiriú sa chaoi, i gcás ina bhforchuirtear i gcomhaontú creidmheasa ar thomhaltóir comhaontú ráthaíochta a thabhairt i gcrích le ráthóir arna ainmniú ag an gcreidiúnaí, nach é inneachar an chomhaontaithe ráthaíochta “príomhábhar” an chonartha leis an tríú páirtí sin ach cuid d’inneachar an chonartha creidmheasa? An mbaineann sé le hábhar chuige sin cé acu an daoine bainteacha an creidiúnaí agus an ráthóir nó nach ea?

2) An gcaithfear pointe (1)(i) den Iarscríbhinn a ghabhann le [Treoir 93/13] a léiriú sa chaoi, i gcás ina bhfuil oibleagáid ar an tomhaltóir ráthóir a chur ar fáil mar chuid de chonradh creidmheasa atá tugtha i gcrích cheana, nuair is ceann de na féidearthachtaí atá ann ná duine arna ainmniú ag an gcreidiúnaí a cheapadh, nach mór a mheas go bhfuil inneachar na hoibleagáide atá ar an tomhaltóir faoin gcomhaontú [ráthaíochta] a tugadh i gcrích ní ba

dhéanaí an lá a tugadh an comhaontú creidmheasa i gcrích doléir, ós rud é nach raibh an tomhaltóir féin in ann an duine le ceapadh ag an gcreidiúnaí ina ráthóir sa todhchaí a roghnú nó a mholadh?

3) Más é freagra na ceiste roimhe seo ná go bhfuil ábhar an chomhaontaithe ráthaíochta soiléir, an gcaithfear pointe (1)(i), (j) agus (m) den Iarscríbhinn a ghabhann le [Treoir 93/13] a léiriú sa chaoi, i gcás ina nglacann an tomhaltóir mar oibleagáid air féin, mar chuid de chomhaontú creidmheasa atá tugtha i gcrích cheana, ráthóir a chur ar fáil, nuair is ceann de na féidearthachtaí atá ann ná duine arna ainmniú ag an gcreidiúnaí a cheapadh, nach mór a mheas go bhfuil inneachar na hoibleagáide atá ar an tomhaltóir faoin gcomhaontú ráthaíochta doiléir agus go bhféadfadh, mar thoradh air sin, an comhaontú creidmheasa nó clásal amháin nó níos mó de a bheith neamhbhailí?

4) An gcaithfear Airteagal 4(1) de [Threoir 93/13], arna léamh i gcomhar le hAirteagal 8 de [Threoir 2005/29], a léiriú sa chaoi, i gcás ina gceanglaíonn duine atá ag tabhairt creidmheasa go dtabharfadh an tomhaltóir conradh i gcrích le duine arna ainmniú ag an gcreidiúnaí chun éileamh an chreidiúnaí i gcoinne an tomhaltóra a áirithiú, gurb ionann sin i gcónaí agus leas a bhaint as míbhuntáiste an tomhaltóra agus, dá bhrí sin, is cleachtas tráchtála ionsaitheach atá ann?

5) I gcás go dtabharfar freagra diúltach ar an gceathrú ceist, an gcaithfear Airteagal 4(1) agus Airteagal 7 de [Threoir 93/13] arna léamh i gcomhar le hAirteagal 8 de [Threoir 2005/29] a léiriú sa chaoi, i gcás imeachtaí dlí aontaobhacha amhail na himeachtaí le haghaidh ordú íocaíochta, nach bhfuil an tomhaltóir ina pháirtí dóibh, go bhféadfadh amhras a bheith ar chúirt go bhfuil téarma conartha éagórach toisc amháin go bhfuil amhras uirthi gur ghlac an tomhaltóir leis de bhua cleachtas tráchtála éagórach, nó an gcaithfear sin a chruthú le cinnteacht?

6) An gcaithfear Airteagal 15(2) de [Threoir 2008/48] a léiriú sa chaoi go bhfuil feidhm ag an bhforáil sin i gcásanna ina bhfuil nasc idir an comhaontú creidmheasa agus seirbhís choimhdeach, eadhon ráthaíocht a chur ar fáil ag tríú páirtí i gcomaoin táille, agus go bhféadfadh an tomhaltóir ní hamháin a éilimh a shaothrú mar gheall ar iompar éagórach an ráthóra, amhail íocaíocht a dhéanamh tar éis tréimhse theorann reachtach dul in éag, ach díospóidí faoin nós imeachta a dhéanamh lena n-eisiatar an oibleagáid i leith an ráthóra?

7) An gceadaítear, le hAirteagal 15(2) de [Threoir 2008/48], arna léamh i gcomhar le prionsabal na héifeachtachta, nó, i gcás go nglactar leis gur idirbhearta nasctha iad an comhaontú creidmheasa agus an comhaontú ráthaíochta, le hAirteagail 5 agus 7 de [Threoir 93/13], arna léamh i gcomhar le pointe (1)(b) agus (c) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir sin, cásdlí náisiúnta go bhféadfadh ráthóir conradh atá nasctha le comhaontú creidmheasa tomhaltóra, ar ráthóir é a fuair táille ón tomhaltóir as an gcomhaontú creidmheasa a chomhthaobhú agus a rinne íocaíocht leis an bpríomhchreidiúnaí i gcomhréir le téarma conartha, d'ainneoin go raibh an tréimhse arna leagan síos in Airteagal 147 ZZD imithe in éag, a chuireann deireadh leis an ráthaíocht ina hiomláine de réir an chásdlí ábhartha, brath air, mar sin féin, go bhfuil sé ag seasamh in áit an chreidiúnaí bunaidh agus, ag brath ar chásdlí contrártha maidir le cur i bhfeidhm an dlí, íocaíocht a éileamh ón bpríomhfheichiúnaí?

8) An gcaithfear Airteagal 3(g) de [Threoir 2008/48] arna léamh i gcomhar le hAirteagal 5 de [Threoir 93/13], a léiriú sa chaoi, i gcás oibleagáid faoi chomhaontú creidmheasa chun comhaontú ráthaíochta atá nasctha leis a thabhairt i gcrích, leis an toradh go bhfuil ardú ar an dliteanas creidmheasa iomlán, nach mór an ráta céatadánach bliantúil [APR] don chreidmheas a ríomh bunaithe ar na tráthchodanna níos mó mar thoradh ar an táille a íocadh leis an ráthóir? An mbaineann le hábhar chuige sin cé a roghnaigh an ráthóir agus cé acu an duine é a bhfuil nasc aige leis an bpríomhchreidiúnaí nó nach ea?

9) An gcaithfear Airteagal 10(2)(g) de [Threoir 2008/48] a léiriú sa chaoi nach mór a mheas gurb ionann léiriú mícheart ar [APR] i gcomhaontú creidmheasa arna thabhairt i gcrích idir díoltóir nó soláthróir agus tomhaltóir (is iasachtaí) agus teip léiriú a dhéanamh ar [APR] sa chomhaontú creidmheasa agus nach mór don chúirt náisiúnta na hiarmhairtí a chur i bhfeidhm dá bhforáiltear faoin dlí náisiúnta i ndáil le teip [APR] a léiriú i gcomhaontú creidmheasa tomhaltóra? An nglacfar leis nach mór feidhm a bheith ag na hiarmhairtí sin freisin maidir leis an ráthóir a rinne an íocaíocht mar chuid den ghaol leis an tomhaltóir?

10) An gcaithfear an dara habairt d'Airteagal 23 de [Threoir 2008/48] a léiriú sa chaoi nach mór a mheas go bhfuil pionós dá bhforáiltear faoin dlí náisiúnta, eadhon neamhní an chomhaontaithe creidmheasa tomhaltóra, nach mbeidh ach an phríomhshuim a tugadh inaisíoctha dá réir, comhréir i gcásanna nach bhfuil léiriú sonrach de [APR] sa chomhaontú creidmheasa tomhaltóra a mhéid nach léirítear ann an costas a bhaineann le ráthóir tráchtála arna roghnú ag an gcreidiúnaí (cé go bhfuil APR léirithe go huimhriúil i dtéacs an chomhaontaithe creidmheasa tomhaltóra)?

11) An gcaithfear Airteagal 2(2) de [Threoir 2009/138] arna léamh i gcomhar le mír 14 de Chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin, a léiriú sa chaoi gurb ionann gníomhaíocht íoctha mar ráthóir atá ar bun go gairmiúil, ina n-íocann an chuideachta ráthaíochta, i ngach cás mainneachtana, méid iomlán an chreidmheasa [faighte] ag ana bhí ag tomhaltóir arb é an príomhfheichiúnaí é, agus ina n-íoctar an táille le gach tráthchuid den chreidmheas, beag bean ar mhainneachtain an tomhaltóra, agus "gníomhaíocht árachais" de réir bhrí na Treorach sin?

12) I gcás go dtabharfar freagra dearfach ar an 11ú ceist, an gcaithfear Airteagal 14(1) de [Threoir 2009/138] a léiriú sa chaoi go bhfuil oibleagáid ar dhuine a bhfuil an ghníomhaíocht dá dtagraítear san 11ú ceist ar bun aige údarú a fháil ó na húdaráis rialála náisiúnta atá freagrach as údaruithe a thabhairt d'árachóirí?'

Na ceisteanna a tharchuirtear i gcomhair réamhrialú

Inghlacthacht

33 De réir cásdlí socair, tá toimhde ábharthachta ag ceisteanna maidir le léiriú dhlí an Aontais arna dtarchur ag cúirt náisiúnta sa chomhthéacs fíorasach agus reachtach a bhfuil an chúirt sin freagrach as a shainiú, agus nach faoin gCúirt atá sé a chruinneas a chinneadh. Ní féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais diúltú do rialú a thabhairt ar iarraidh ar réamhrialú ó chúirt náisiúnta ach amháin má dhealraíonn sé go follasach nach bhfuil baint ar bith ag an léiriú arna iarraidh ar dhlí an Aontais le fíricí iarbhír nó le cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, más fadhb de chineál hipitéiseach í nó mura bhfuil an t-ábhar fíorasach nó dlíthiúil is gá ag an gCúirt Bhreithiúnais chun

freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh uirthi (breithiúnas an 18 Meitheamh 2024, *Bundesrepublik Deutschland (Éifeacht chinnidh lena ndeonaítear stádas dídeanaí)*, C-753/22, EU:C:2024:524, mír 44 agus an cásdlí dá dtagraítear).

34 É sin ráite, leanann sé freisin ón gcásdlí socair nach é cuspóir na hiarrata ar réamhrialú tuairimí comhairleacha a thabhairt maidir le ceisteanna ginearálta nó hipitéiseacha, ach an gá a bhaineann go bunúsach le réiteach éifeachtach díospóide a bhaineann le dlí an Aontais a chomhlíonadh (breithiúnas an 31 Bealtaine 2018, *Confetra agus páirtithe eile*, C-259/16 agus C-260/16, EU:C:2018:370, mír 63).

35 Is i bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo nach mór inghlacthacht na gceisteanna a tharchuirtear a scrúdú.

An chéad cheist go dtí an deichiú ceist

36 Cuireann Agentsia za kontrol na prosrocheni zadalzhenia i gcoinne inghlacthacht an chéad go dtí an ceathrú agus an séú go dtí an deichiú ceist, lena n-áitítear, go bunúsach, gur de chineál hipitéiseach iad, ós rud é go mbaineann siad le himthosca fíorasacha nach ionann iad sin sna príomhimeachtaí, mar a thuairiscítear leis an gcúirt a rinne an tarchur. Thairis sin, sáraíonn an séú go dtí an t-ochtú ceist an coincheap ‘comhaontú creidmheasa nasctha’ de réir bhrí Airteagal 3(n) de Threoir 2008/48, agus sáraíonn an deichiú ceist forálacha dhlí na Bulgáire maidir leis na hiarmhairtí a bhaineann le neamhrialtacht sa tagairt do APR.

37 I bhfianaise na n-imthosca is cúis leis na cásanna sna príomhimeachtaí, mar a leagtar amach iad san iarraidh ar réamhrialú, ní léir nach bhfuil aon bhaint ag an léiriú ar dhlí an Aontais a iarrtar sa chéad go dtí an ceathrú agus sa séú go dtí an deichiú ceist leis na príomhimeachtaí ná gur de chineál hipitéiseach iad na fadhbanna a d’ardaigh an chúirt a rinne an tarchur. Ina theannta sin, maidir leis an gceist an raibh an chúirt a rinne an tarchur, agus an séú go dtí an t-ochtú ceist á gceapadh aici, ag brath ar léiriú mícheart ar an gcoincheap ‘comhaontú creidmheasa nasctha’, de réir bhrí Airteagal 3(n) de Threoir 2008/48, tagann sí faoi raon feidhme an scrúdaithe ar shubstaint na gceisteanna sin agus, dá bhrí sin, ní féidir léi ceist a ardú maidir lena n-inghlacthacht. Ar deireadh, mar a leanann sé ón gcásdlí a luaitear i mír 33 den bhreithiúnas seo, ní faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé scrúdú a dhéanamh an bhfuil bunús maith le léiriú na cúirte a rinne an tarchur ar a dlí náisiúnta féin.

38 Ina theannta sin, a mhéid a bhaineann an chéad cheist go dtí an ceathrú ceist, amhail an cúigiú ceist, le léiriú Threoir 93/13, ba cheart a mheabhrú, mar a leanann ó Airteagal 1(1) di, go dtagann conarthaí arna dtabhairt i gcrích idir trádálaí agus tomhaltóir de réir bhrí Airteagal 2(b) den Treoir sin faoi raon feidhme na Treorach sin. Cé gur cosúil, agus an t-ordú tarchuir á léamh, go bhfuil stádas tomhaltóra de réir bhrí na forála deiridh sin ag na daoine nádúrtha a shínigh na comhaontuithe creidmheasa agus ráthaíochta atá i gceist sna príomhimeachtaí, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé, mar sin féin, a chinneadh an amhlaidh atá.

39 Sna himthosca sin, ní mór a dhearbhú go bhfuil an chéad go dtí an deichiú ceist inghlactha.

An 11ú ceist agus an 12ú ceist

40 Lena 11ú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 2(2) de Threoir 2009/138, arna léamh i bhfianaise phointe 14 de Chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin, a léiriú sa chaoi go gciallaíonn sé gur 'gníomhaíocht árachais' de réir bhrí na Treorach sin é gníomhaíocht ráthaíochta ar luach saothair a sholáthar, ar bhonn gairmiúil, ina n-aisíocann an chuideachta ráthaíochta, ar an gcéad dul síos, leis an iasachtóir, i ngach cás mainneachtana ag an iasachtaí, na suimeanna go léir atá dlite i leith iasacht arna tógáil amach ag an iasachtaí agus, ar an dara dul síos, go bhfuil an luach saothair iníoctha ag gach aibíocht den iasacht beag beann ar mhainneachtain den sórt sin. Más amhlaidh atá, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur lena 12ú ceist an gcaithfear Airteagal 14(1) de Threoir 2009/138 a léiriú sa chaoi go bhfuil duine atá ag gabháil don ghníomhaíocht sin faoi réir na hoibleagáide ceadúnas a fháil ó na húdaráis náisiúnta atá freagrach as ceadúnais a dheonú d'árachóirí.

41 Ba cheart a mheabhrú go mbaineann na cásanna sna príomhimeachtaí le hiarratais ar eisiúint orduithe íocaíochta fiachais airgid arna ndéanamh ag iasachtaithe agus arna nglacadh ar láimh ag cuideachtaí ráthaíochta, a shann a n-éilimh do na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí, agus, sna cásanna sin, go n-eascraíonn an cheist i dtaobh an bhfuil téarmaí conarthacha áirithe éagórach nó míthreorach agus cad iad na hiarmhairtí ba cheart, i gcás inarb iomchuí, a bhaint as aicmiú den sórt sin.

42 In aon chás, is leor a thabhairt faoi deara, fiú gan bheith riachtanach infheidhmeacht fhéideartha Threoir 2009/138 sna príomhimeachtaí a cheistiú, ní dhéantar foráil leis an Treoir sin maidir le pionóis shibhialta i leith conarthaí árachais arna dtabhairt i gcrích de shárú ar a forálacha lena rialaítear réamhúdarú gnóthas árachais.

43 Dá bhrí sin, ag cur san áireamh ábhar na gcásanna atá i gceist sna príomhimeachtaí, tá an 11ú agus an 12ú ceist, ar aon chuma, hipitéiseach.

44 Sna himthosca sin, i bhfianaise an chásdlí dá dtagraítear i mír 34 den bhreithiúnas seo, ní mór a dhearbhú go bhfuil an 11ú agus an 12ú ceist, ar aon chuma, do-ghlactha.

Substaint

An chéad cheist

45 De réir chásdlí socair na Cúirte, sa nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE lena bhforáiltear do chomhar idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais, is faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé freagra a thabhairt don chúirt náisiúnta a bheidh úsáideach di agus a chuirfidh ar a cumas cinneadh a dhéanamh sa díospóid atá roimpi. Chuige sin, is faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé, na ceisteanna a tharchuirtear chuici a athfhoirmliú (breithiúnas an 20 Meitheamh 2024, *Greislzel*, C-35/23, EU:C:2024:532, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear).

46 Sa chás seo, is gá an comhthéacs inar cuireadh an chéad cheist a thabhairt san áireamh, mar a leanann ó mhínithe na cúirte a rinne an tarchur a bhfuil achoimre orthu i mír 27 den bhreithiúnas seo. Ina theannta sin, a mhéid a bhaineann an cheist sin leis an bhféidearthacht measúnú a dhéanamh ar nádúr éagórach téarmaí comhaontaithe ráthaíochta, níl Airteagal 6(1) de Threoir 93/13, a bhaineann leis na hiarmhairtí maidir le cinneadh go bhfuil téarma conartha éagórach, ábhartha do fhreagra na ceiste sin.

47 Dá bhrí sin, ní mór a mheas, trína céad cheist, go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 4(2) de Threoir 93/13 a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar mheasúnú ar nádúr éagórach na dtéarmaí comhaontaithe ráthaíochta lena gcinntear oibleagáidí an ráthóra agus an fhéichiúnaí sna príomhimeachtaí, i gcás ina bhfuil an comhaontú ráthaíochta tugtha i gcrích ag an gcúirt sin ag an am céanna le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe creidmheasa agus chun oibleagáid a fhorchuirtear leis an gconradh sin a chomhlíonadh, i gcás inar fochuideachta de chuid an chreidiúnaí nó duine arna roghnú ag an gcreidiúnaí é an ráthóir agus ina bhfuil na táillí ráthaíochta iníoctha ag an am céanna le tráthchodanna na hiasachta.

48 De réir Airteagal 4(2) de Threoir 93/13, ní fhéadfaidh baint a bheith ag an measúnú ar chineál éagórach na dtéarmaí le sainmhíniú phríomhábhar an chonartha ná le leordhóthanacht an phraghais agus an luacha saothair, ar thaobh amháin, i gcoinne na seirbhísí nó na n-earraí arna soláthar mar mhalairt air sin, ar an taobh eile, a mhéid atá na téarmaí sin i bhfriotal soiléir sothuigthe.

49 De réir cásdlí socair, leanann sé ón ngá atá le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais agus ó phrionsabal an chomhionannais nach mór léiriú uathrialach agus aonfhoirmeach a thabhairt de ghnáth ar fud an Aontais ar théarmaí forála de dhlí an Aontais nach ndéantar aon tagairt shainráite inti do dhlí na mBallstát chun brí agus raon feidhme na forála sin a chinneadh, nach mór comhthéacs na forála sin agus an cuspóir a shaothraítear leis an reachtaíocht atá i gceist a chur san áireamh (breithiúnas an 30 Aibreán 2014, *Kásler agus Káslerné Rábai*, C-26/13, EU:C:2014:282, mír 37).

50 Is amhlaidh atá i gcás na dtéarmaí in Airteagal 4(2) de Threoir 93/13, ós rud é nach bhfuil aon tagairt shainráite san fhoráil sin do dhlí na mBallstát chun brí agus raon feidhme na forála a chinneadh.

51 Maidir le catagóir na dtéarmaí conarthacha a thagann faoin gcoincheap ‘príomhábhar an chonartha’, de réir bhrí Airteagal 4(2) de Threoir 93/13, chinn an Chúirt nach mór na téarmaí sin a thuiscint mar iad sin lena leagtar síos oibleagáidí bunriachtanacha an chonartha agus, dá réir sin, mar iad sin a shainíonn é. Ar an taobh eile, ní féidir téarmaí atá coimhdeach leo siúd lena sainítear bunbhrí an chaidrimh chonarthaigh a chumhdach leis an gcoincheap ‘príomhábhar an chonartha’ de réir bhrí na forála sin (breithiúnas an 20 Meán Fómhair 2017, *Andriciuc agus páirtithe eile*, C-186/16, EU:C:2017:703, míreanna 35 agus 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

52 Leanann sé ón gcásdlí sin, i bprionsabal, chun a chinneadh an dtagann téarma faoi ‘phríomhábhar’ an chonartha ar cuid de é, nach mór tagairt a dhéanamh do sheirbhísí bunriachtanacha an chonartha sin. I ndáil leis sin, ní bhaineann sé le hábhar gur thug an tomhaltóir an conradh sin i gcrích chun oibleagáid a fhorchuirtear le conradh eile a chomhlíonadh, ar oibleagáid í a thug sé i gcrích ag an am céanna.

53 Mar sin féin, ní mór a chur san áireamh go bhfuil an córas cosanta a chuirtear chun feidhme le Treoir 93/13 bunaithe ar an smaoineamh go bhfuil an tomhaltóir i riocht lag i leith an trádálaí maidir lena chumhacht margála agus leibhéal na faisnéise araon, staid a fhágann go gcloíonn sé leis na téarmaí arna dtarraingt suas roimh ré ag an trádálaí, gan bheith in ann tionchar a imirt ar ábhar na dtéarmaí sin (breithiúnas an 3 Meitheamh 2010, *Caja de Ahorros y Monte de Piedad de Madrid*, C-484/08, EU:C:2010:309, mír 27).

54 Maidir le seasamh laige den sórt sin, ceanglaítear le Treoir 93/13 ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le sásra lena n-áiritheofar go bhféadfar athbhreithniú a dhéanamh ar gach téarma conarthach nár caibidlíodh ar leithligh chun a chinneadh an téarma éagórach é. Sa chomhthéacs sin, is faoin gcúirt náisiúnta atá sé a chinneadh, agus na critéir a leagtar amach in Airteagal 3(1) agus in Airteagal 5 de Threoir 93/13 á gcur san áireamh, an gcomhlíonann clásal den sórt sin, i bhfianaise imthosca sonracha an cháis, na ceanglais maidir le meon macánta, cothromaíocht agus trédhearcacht a leagtar síos leis an Treoir sin (breithiúnas an 30 Aibreán 2014, *Kásler agus Káslerné Rábai*, C-26/13, EU:C:2014:282, mír 40).

55 Bhainfí an bonn d'éifeachtacht an tsásra sin dá gceadófaí do thrádálaí an measúnú a sheachaint i dtaobh an téarmaí éagóracha iad nach bhfuil mar chuid de phríomhábhar conartha a thugann sé i gcrích le tomhaltóir, trí na téarmaí sin a áireamh i gconradh coimhdeach ar leithligh arb iad a bpríomhábhar iad, conradh a thabharfadh an tomhaltóir i gcrích, arna iarraidh sin ag an díoltóir nó ag an soláthróir sin, le fochuideachta de chuid an trádálaí sin nó le duine arna roghnú ag an trádálaí sin.

56 I gcás den sórt sin, is iomchuí anailís a dhéanamh ar an dá chonradh ina n-iomláine agus, dá bhrí sin, measúnú a dhéanamh ar an éagóir a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis na téarmaí sa chonradh ar leithligh, ar choinníoll nach dtagann siad faoi phríomhábhar an chaidrimh chonarthaigh arna bhunú idir an trádálaí agus an tomhaltóir.

57 Cuirtear an cinneadh sin in iúl, ar an gcéad dul síos, le hAirteagal 4(1) de Threoir 93/13, faoina bhfuil measúnú le déanamh ar nádúr éagórach téarma chonarthaigh faoi threoir, *inter alia*, na n-imthosca go léir a bhaineann le tabhairt i gcrích an chonartha sin agus téarmaí uile conartha eile ar a bhfuil an conradh sin spleách. Is amhlaidh atá freisin, ar an dara dul síos, ós rud é nach mór Airteagal 4(2) den Treoir sin a léiriú go docht, ós rud é go leagtar síos ann eisceacht ón sásra chun athbhreithniú a dhéanamh ar shubstaint téarmaí éagóracha dá bhforáiltear sa chóras cosanta tomhaltóirí a chuirtear chun feidhme leis an Treoir sin (breithiúnas an 20 Meán Fómhair 2017, *Andriciuc agus páirtithe eile*, C-186/16, EU:C:2017:703, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear).

58 Dá bhrí sin, i gcásanna amhail na cásanna atá i gceist sna príomhimeachtaí, ina bhfuil comhaontú ráthaíochta tugtha i gcrích ag an tomhaltóir, ag an am céanna le tabhairt i gcrích comhaontaithe creidmheasa, le fochuideachta de chuid an chreidiúnaí nó le duine arna roghnú ag an gcreidiúnaí, ar coinníoll é tabhairt i gcrích an dara conradh sin chun an creidmheas a fháil nó chun na cistí a tugadh ar iasacht a scaoileadh níos tapúla, agus go bhfuil na táillí ráthaíochta iníoctha ag an am céanna le tráthchodanna na hiasachta, ní hionann oibleagáidí an ráthóra agus an phríomhfhéichiúnaí a bheith i gcomhaontú ráthaíochta atá ar leithligh ón gcomhaontú creidmheasa agus téarmaí an chomhaontaithe ráthaíochta a thabhairt faoi raon feidhme Airteagal 4(2) de Threoir 93/13, mura bhfuil brí leis an gcosaint atá ag tomhaltóir atá i staid níos laige maidir leis an trádálaí.

59 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, is é an freagra ar an gcéad cheist nach mór Airteagal 4(2) de Threoir 93/13 a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis ar mheasúnú ar éagothroime fhéideartha téarmaí comhaontaithe ráthaíochta lena gcinntear oibleagáidí an ráthóra agus an fhéichiúnaí sna príomhimeachtaí, i gcás ina mbeidh an conradh sin tugtha i gcrích ag an bhféichiúnaí an tráth céanna leis an gcomhaontú creidmheasa agus chun oibleagáid dá bhforáiltear leis an gcomhaontú sin a chomhlíonadh, i gcás inar fochuideachta de chuid an chreidiúnaí nó duine arna roghnú ag an gcreidiúnaí é an ráthóir agus i gcás ina mbeidh na táillí ráthaíochta iníoctha ag an am céanna le tráthchodanna na hiasachta.

An dara agus an tríú ceist

60 Lena dara agus a tríú ceist, arb iomchuí iad a mheas le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá pointe 1(i), (j) agus (m) atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 93/13 a léiriú sa chaoi go dtagann téarma faoina ngeallann tomhaltóir, i gcomhthéacs comhaontaithe creidmheasa, comhaontú ráthaíochta a thabhairt i gcrích le ráthóir arna roghnú ag an gcreidiúnaí, gan bheith ar an eolas, tráth a thugtar an comhaontú creidmheasa i gcrích, faoi chéannacht an ráthóra agus faoi inneachar théarmaí an chomhaontaithe ráthaíochta sin, faoi cheann de na forálacha sin.

61 Mar a luaitear in Airteagal 3(3) de Threoir 93/13, tá liosta táscach agus neamh-uileghabhálach téarmaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir sin a d'fhéadfaí a mheas a bheith éagórach. Ina measc sin, *inter alia*, mar a leanann ó phointe 1(i), (j) agus (m) den Iarscríbhinn sin faoi seach, tá téarmaí a bhfuil sé d'éifeacht acu, ar an gcéad dul síos, a shuí go dobhréagnaithe go gcloíonn an tomhaltóir le téarmaí nach raibh an deis aige iad féin a chur ar an eolas roimh thabhairt i gcrích an chonartha, ar an dara dul síos, údarú a thabhairt don trádálaí go haontaobhach téarmaí an chonartha a leasú gan cúis bhailí a shonraítear sa chonradh agus, ar an tríú dul síos, an ceart a thabhairt don trádálaí a chinneadh an gcomhlíonann na hearraí a seachadadh nó an tseirbhís a soláthraíodh téarmaí an chonartha nó an ceart eisiach a thabhairt dó aon téarma den chonradh a léiriú.

62 Maidir le téarma lena ngabhann tomhaltóir air féin, i gcomhthéacs comhaontú creidmheasa, comhaontú ráthaíochta a thabhairt i gcrích le ráthóir arna roghnú ag an gcreidiúnaí, gan bheith ar an eolas, tráth a thugtar an comhaontú creidmheasa i gcrích, faoi chéannacht an ráthóra agus faoi inneachar théarmaí an chomhaontaithe ráthaíochta sin, ní mór a lua nach gcomhfhreagraíonn an téarma sin d'aon cheann de na cásanna a bheartaítear i bpointí 1(i), (j) agus (m) den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 93/13. Maidir le pointe 1(i) den Iarscríbhinn sin, go háirithe, ba cheart a thabhairt faoi deara nach ionann gealltanas ón tomhaltóir, tráth a thugtar comhaontú creidmheasa i gcrích, comhaontú ráthaíochta a thabhairt i gcrích le ráthóir arna roghnú ag an gcreidiúnaí agus glacadh ag an tomhaltóir le téarmaí comhaontaithe ráthaíochta nach raibh sé in ann teacht ar an eolas fúthu, ós rud é, chun an gealltanas sin a chomhlíonadh, nach mór don tomhaltóir an comhaontú ráthaíochta a thabhairt i gcrích ina dhiaidh sin.

63 Mar sin féin, ní mór a mheabhrú nach bhfuil i liosta na dtéarmaí a d'fhéadfaí a mheas mar théarmaí éagóracha, a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 93/13, ach liosta táscach. Dá bhrí sin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a fháil amach an bhfuil téarma i gcomhaontú creidmheasa, lena ngabhann an tomhaltóir air féin comhaontú ráthaíochta a thabhairt i gcrích le ráthóir arna roghnú ag an gcreidiúnaí, gan bheith ar an eolas, tráth a thugtar an gealltanas sin, faoi chéannacht an ráthóra agus faoi inneachar théarmaí an chomhaontaithe ráthaíochta, ina chúis, contrártha leis an gceanglas maidir le meon macánta, le héagothroime shuntasach i gcearta agus in oibleagáidí na bpáirtithe a eascraíonn as an gcomhaontú creidmheasa chun aimhleasa an tomhaltóra, chun críocha Airteagal 3(1) den Treoir sin. Más ea, ní mór an téarma sin a aicmiú mar théarma 'éagórach' agus na hiarmhairtí a eascraíonn as an aicmiú sin maidir le bailíocht an téarma sin agus, i gcás inarb iomchuí, ní mór an conradh ar cuid de é a tharraingt suas.

64 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, is é an freagra ar an dara agus ar an tríú ceist ná nach mór pointe 1(i), (j) agus (m) atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 93/13 a léiriú sa chaoi nach dtagann téarma faoina ngeallann tomhaltóir, i gcomhthéacs comhaontú creidmheasa,

comhaontú ráthaíochta a thabhairt i gcrích le ráthóir arna roghnú ag an gcreidiúnaí, gan bheith ar an eolas, tráth thabhairt i gcrích an chomhaontaithe creidmheasa, faoi chéannacht an ráthóra agus faoi inneachar théarmaí an chomhaontaithe ráthaíochta sin, faoi na forálacha sin.

An ceathrú ceist

65 Mar a leanann ón ordú tarchuir, ardaítear an ceathrú ceist, ar an gcéad dul síos, i bhfianaise an chásdlí ar dá réir, cé nach bhfuil an cinneadh go bhfuil cleachtas tráchtála éagórach de chineál a shuíonn go huathoibríoch agus ann féin go bhfuil téarma conarthach éagórach, tá sé ar cheann de roinnt tosca ar a bhféadfaidh an chúirt a bhfuil dlínse aici a measúnú ar a éagóraí atá téarmaí conartha a bhunú, measúnú nach mór di, faoi Airteagal 4(1) de Threoir 93/13, imthosca sonracha uile an cháis a chur san áireamh (breithiúnas an 19 Meán Fómhair 2018, *Bankia*, C-109/17, EU:C:2018:735, mír 49 agus an cásdlí dá dtagraítear). Ar an dara dul síos, eascraíonn sé óna foclaíocht go bhféachann an chúirt a rinne an tarchur, leis an bhfoclaíocht sin, lena fháil amach an féidir an cás dá dtagraíonn sí a mheas fós mar chleachtas tráchtála ionsaitheach. Sna himthosca sin, tá Airteagal 5(5) de Threoir 2005/29 agus Iarscríbhinn I a ghabhann léi ábhartha maidir leis an bhfreagra don cheist sin.

66 Dá bhrí sin, ní mór a mheas, leis an gceist sin, go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 8 de Threoir 2005/29, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 5(5) den Treoir sin agus le hIarscríbhinn I a ghabhann léi, a léiriú sa chaoi gurb ionann téarma a áireamh i gcomhaontuithe creidmheasa nach mór don tomhaltóir comhaontú ráthaíochta a thabhairt i gcrích le duine arna roghnú ag an gcreidiúnaí agus cleachtas tráchtála ionsaitheach i ngach cás.

67 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú go bhfuil dhá roinn i gCaibidil 2 de Threoir 2005/29, dar teideal ‘Cleachtais tráchtála éagóracha’, eadhon Roinn 1, a bhaineann le cleachtais tráchtála mhíthreoracha, agus Roinn 2, a bhaineann le cleachtais tráchtála ionsaitheacha.

68 Le hAirteagal 5 den Treoir sin, atá le feiceáil i gCaibidil 2 di, cuirtear toirmeasc ar chleachtais tráchtála éagóracha i mír 1 di agus bunaítear na critéir lena gcinntear an bhfuil cleachtas tráchtála éagórach i mír 2 di. Luaitear in Airteagal 5(4) go bhfuil cleachtais tráchtála atá ‘míthreorach’ de réir bhrí Airteagail 6 agus 7 de Threoir 2005/29 agus iad siúd atá ‘ionsaitheach’ de réir bhrí Airteagail 8 agus 9 den Treoir sin éagórach, go háirithe. Foráiltear le hAirteagal 5(5) de Threoir 2005/29, ina theannta sin, go bhfuil in Iarscríbhinn I a ghabhann léi liosta de na cleachtais tráchtála sin a mheastar i ngach cás a bheith éagórach agus nach bhféadfar an liosta sin, a bhfuil feidhm aige sna Ballstáit uile, a mhodhnú ach amháin trí athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir sin. Liostaítear sa liosta sin, i bpointí 1 go 23 de, cleachtais mhargaíochta mhíthreoracha i ngach imthoisc agus, i bpointí 24 go 31 de, cleachtais tráchtála ionsaitheacha i ngach imthoisc.

69 I ndáil leis sin, luaitear in aithris 17 de Threoir 2005/29, chun deimhneacht dhlíthiúil níos fearr a sholáthar, nach measfar ach na cleachtais a liostaítear in Iarscríbhinn I a bheith éagórach i ngach imthoisc, gan bheith faoi réir measúnú cás ar chás faoi fhorálacha Airteagail 5 go 9 den Treoir sin (breithiúnas an 14 Samhain 2024, *Compass Banca*, C-646/22, EU:C:2024:957, mír 66).

70 Ós rud é gur liosta iomlán agus uileghabhálach de chleachtais tráchtála a mheastar a bheith éagórach i ngach imthoisc é Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2005/29, ní féidir cleachtas tráchtála amhail an cleachtas atá i gceist sna príomhimeachtaí a aicmiú mar chleachtas tráchtála ionsaitheach i ngach imthoisc, de réir bhrí na Treorach sin, ach amháin ar choinníoll go

gcomhfhreagraíonn sé do cheann de na cásanna a liostaítear i míreanna 24 go 31 den Iarscríbhinn sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Samhain 2024, *Compass Banca*, C-646/22, EU:C:2024:957, mír 67).

71 Mar sin féin, trí mhíreanna 24 go 31 a léamh amháin, is féidir a fháil amach nach raibh aon chomhfhreagras den sórt sin ann.

72 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, is é an freagra ar an gceathrú ceist ná nach mór Airteagal 8 de Threoir 2005/29, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 5(5) den Treoir sin agus le hIarscríbhinn I a ghabhann léi, a léiriú sa chaoi nach cleachtas ionsaitheach tráchtála i ngach cás é téarma a áireamh i gcomhaontuithe creidmheasa lena gceanglaítear ar an tomhaltóir comhaontú ráthaíochta a thabhairt i gcrích le duine arna roghnú ag an gcreidiúnaí.

An cúigiú ceist

73 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara, cé go dtagraíonn foclaíocht an chúigiú ceist d'Airteagal 4(1) agus d'Airteagal 7 de Threoir 93/13, go leagtar amach in Airteagal 6(1) den Treoir sin an oibleagáid atá ar na Ballstáit foráil a dhéanamh nach mbeidh téarmaí éagóracha a úsáidtear i gconradh arna thabhairt i gcrích le tomhaltóir ag trádálaí ina gceangal ar an tomhaltóir. Ina theannta sin, cé gur thagair an chúirt a rinne an tarchur d'Airteagal 8 de Threoir 2005/29, a bhaineann le cleachtais tráchtála ionsaitheacha, baineann an cúigiú ceist, ar bhonn níos ginearálta, le cleachtais tráchtála éagóracha, de réir bhrí Airteagal 5 den Treoir sin, nach bhfuil sna cleachtais tráchtála ionsaitheacha ach fochatagóir.

74 I bhfianaise na soiléirithe sin, ní mór a mheas, trína cúigiú ceist, a ardaíodh i gcás ina dtugtar freagra diúltach ar an gceathrú ceist, go n-iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 6(1) de Threoir 93/13 a léiriú sa chaoi go bhféadfaidh an chúirt náisiúnta, a éisteann iarratas chun ordú íocaíochta a eisiúint in imeachtaí nach bhfuil an féichiúnaí-tomhaltóir rannpháirteach iontu, cur i bhfeidhm téarma sa chomhaontú creidmheasa tomhaltóra arna thabhairt i gcrích idir an tomhaltóir sin agus an trádálaí lena mbaineann a eisiamh *ex officio*, ar an mbonn amháin go bhfuil amhras ann an bhféadfadh an tomhaltóir glacadh leis an téarma sin mar thoradh ar chleachtas tráchtála éagórach, de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2005/29, nó an gcaithfear a shuíomh go cinnte gurb ann don chleachtas sin.

75 I ndáil leis sin, leanann sé ón gcásdlí dá dtagraítear i mír 65 den bhreithiúnas seo nach bhfuil sa chinneadh go bhfuil cleachtas tráchtála éagórach ach ceann amháin de roinnt tosca ar a bhféadfaidh an chúirt a bhfuil dlínse aici a measúnú ar nádúr éagórach théarmaí an chonartha a bhunú. Ní mór don chúirt sin rialú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gcritéar ginearálta a leagtar amach in Airteagail 3 agus 4 de Threoir 93/13 maidir le clásal ar leith nach mór a scrúdú i bhfianaise na n-imthosca go léir a bhaineann go sonrach leis an gcás ar leith (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Márta 2012, *Pereničová agus Perenič*, C-453/10, EU:C:2012:144, mír 44).

76 Leanann sé as sin, chun téarma i gconradh arna thabhairt i gcrích idir tomhaltóir agus trádálaí a aicmiú mar éagórach, nach gá go suitear ar bhealach ar bith gurb ann do chleachtas tráchtála éagórach, ach gur toisc é amhras ina leith sin, áfach, a d'fhéadfaí a chur san áireamh sa scrúdú dá dtagraítear sa mhír roimhe seo. Is amhlaidh fós nach bhféadfaidh an chúirt a bhfuil dlínse aici cur i bhfeidhm téarma conartha den sórt sin a eisiamh ach amháin más deimhin léi go bhfuil an téarma sin éagórach, ós rud é nach leor amhras ina leith sin amháin.

77 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú, cé go nglacann an chúirt náisiúnta, trí chur i bhfeidhm téarma éagóraigh den sórt sin a eisiamh ionas nach mbeidh éifeachtaí ceangailteacha aici i leith an tomhaltóra lena mbaineann, ionad na héagothroime atá ann idir an tomhaltóir agus an trádálaí, is é sin ar choinníoll go bhfuil na heilimintí dlíthiúla agus fíorasacha is gá chun na críche sin os comhair na cúirte sin. Leanann sé as sin, i gcás inarb iomchuí, nach mór don chúirt náisiúnta, in éagmais agóid ón tomhaltóir lena mbaineann agus, más gá, *ex officio*, bearta fiosrúcháin a dhéanamh chun an comhad a chomhlánú, trína iarraidh ar na páirtithe, i gcomhréir le prionsabal na sáraíochta, faisnéis bhreise chuige sin a sholáthar di. Tá feidhm ag na forais sin freisin maidir le hordú um nós imeachta íocaíochta (féach, chuige sin, breithiúnas an 30 Meitheamh 2022, *Profi Credit Bulgaria (Cúiteamh* ex officio *i gcás téarma éagórach)*, C-170/21, EU:C:2022:518, míreanna 31 go 33 agus an cásdlí dá dtagraítear).

78 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, is cuí freagra a thabhairt ar an gcúigiú ceist ná nach mór Airteagal 6(1) de Threoir 93/13 a léiriú sa chaoi nach bhféadfaidh an chúirt náisiúnta, a éisteann iarratas ar ordú íocaíochta i gcomhthéacs imeachtaí nach nglacann an féichiúnaí-tomhaltóir páirt iontu, téarma an chomhaontaithe creidmheasa tomhaltóra arna thabhairt i gcrích idir an tomhaltóir sin agus an trádálaí lena mbaineann a fhágáil gan feidhm, *ex officio*, mura bhfuil sí cinnte go gcaithfear an téarma sin a aicmiú mar théarma ‘éagórach’ de réir bhrí Airteagal 3(1) den Treoir sin. Mar sin féin, d’fhéadfadh amhras a bheith ann an bhféadfadh an tomhaltóir glacadh leis an téarma sin mar thoradh ar chleachtas tráchtála éagórach, de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2005/29, a bheith ina thoisc amháin, áfach, i measc tosca eile, a fhéadfar a chur san áireamh maidir le measúnú ar éagothroime fhéideartha an téarma atá i gceist.

An séú agus an seachtú ceist

79 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, sa seachtú ceist, faoi chomhoiriúnacht an chásdlí náisiúnta, *inter alia*, le hAirteagail 5 agus 7 agus pointe 1(b) agus (c) atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Threoir 93/13. Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 23 dá Thuairim, baineann na forálacha sin le léiriú théarmaí na gconarthaí arna dtabhairt i gcrích idir tomhaltóir agus trádálaí agus le héagóracht fhéideartha téarmaí den sórt sin agus ní leis na héifeachtaí a eascraíonn go díreach as cur i bhfeidhm an dlí náisiúnta agus an chásdlí lena mbaineann, gan a dtionscnamh a bheith i dtéarma conartha.

80 Dá bhrí sin, ní mór an séú agus an seachtú ceist a fhreagairt ar bhonn Threoir 2008/48 amháin, ag tabhairt faoi deara go bhféachtar leo le hinfheidhmeacht fhéideartha Airteagal 15(2) den Treoir sin maidir le comhaontuithe creidmheasa amhail na conarthaí sin atá i gceist sna príomhimeachtaí a chinneadh, nach bhfuil feidhm ag an bhforáil sin ach maidir le ‘comhaontuithe creidmheasa nasctha’, de réir bhrí na Treorach sin, agus go sainmhínítear an coincheap ‘comhaontú creidmheasa nasctha’ in Airteagal 3(n) di.

81 I bhfianaise na bhfachtóirí sin, ní mór a mheas, trína séú agus a seachtú ceist, go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear an coincheap ‘comhaontú creidmheasa nasctha’, de réir bhrí Airteagal 3(n) de Threoir 2008/48, a léiriú mar a chiallaíonn go gcumhdaíonn sé comhaontú creidmheasa a bhfuil a thabhairt i gcrích nasctha go hiomlán le comhaontú ráthaíochta le tríú páirtí a fhaigheann luach saothair chun na críche sin, agus, más ea, an gá léiriú a dhéanamh ar Airteagal 15(2) den Treoir sin go gcuirtear cosc leis ar chásdlí náisiúnta ar dá réir, i gcás ina bhfuil ráthóir comhaontaithe ráthaíochta, arna íoc ag an bpríomhfhéichiúnaí, tar éis na suimeanna atá dlite i leith na hiasachta a aisíoc leis an bpríomhchreidiúnaí tar éis tréimhse reachtúil a dhul in éag a bhfuil sé d’éifeacht aici an ráthaíocht a mhúchadh ina

hiomláine, go bhféadfaidh an ráthóir sin, mar sin féin, brath ar a sheachaíocht i gcearta an chreidiúnaí sin agus íocaíocht na suimeanna arna n-íoc amhlaidh a éileamh ón bpríomhfhéichiúnaí.

82 Leanann sé ó Airteagal 3(n) de Threoir 2008/48 go dtagraíonn an coincheap ‘comhaontú creidmheasa nasctha’ do chomhaontú creidmheasa, ar an gcéad dul síos, faoina bhfónann an creidmheas atá i gceist go heisiach chun conradh a mhaoiniú a bhaineann le soláthar earraí sonrachanó soláthar seirbhísí sonracha agus, agus ar an dara dul síos, ó thaobh oibiachtúil de, is aonad tráchtála iad an dá chonradh sin. Tá an dá choinníoll sin carnach.

83 Mar sin féin, is léir nach féidir a mheas go bhfónann comhaontú creidmheasa, a bhfuil a thabhairt i gcrích nasctha le tabhairt i gcrích comhaontaithe ráthaíochta, agus leis sin amháin, chun an dara conradh sin a mhaoiniú.

84 Dá bhrí sin, ní mór a mheas nach gcomhlíonann comhaontuithe creidmheasa den sórt sin an chéad cheann de na coinníollacha carnacha lena sainítear a gcruinniú an coincheap ‘comhaontú creidmheasa nasctha’ de réir bhrí Airteagal 3(n) de Threoir 2008/48. Dá bhrí sin, ní leor conarthaí den sórt sin a bheith ina n-aonad tráchtála le comhaontú ráthaíochta arna thabhairt i gcrích ag tríú páirtí a íoctar chun na críche sin, má bunaíodh é, chun iad a thabhairt faoin gcoincheap sin agus, dá bhrí sin, teacht faoi raon feidhme Airteagal 15(2) den Treoir sin.

85 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, is é an freagra ar an séú agus ar an seachtú ceist nach mór an coincheap ‘comhaontú creidmheasa nasctha’, de réir bhrí Airteagal 3(n) de Threoir 2008/48, a léiriú sa chaoi nach dtagann comhaontú creidmheasa, a bhfuil a thabhairt i gcrích nasctha le tabhairt i gcrích comhaontaithe ráthaíochta le tríú páirtí a íoctar chun na críche sin, agus leis sin amháin, faoi raon feidhme na Treorach sin.

An t-ochtú ceist

86 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara nach mbaineann Airteagal 5 de Threoir 93/13, dá dtagraítear i bhfoclaíocht an ochtú ceist, leis an bhfadhb lena mbaineann an cheist sin.

87 Ní mór a mheas, dá bhrí sin, leis an ochtú ceist, go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 3(g) agus (i) de Threoir 2008/48 a léiriú sa chaoi go dtagann na costais a bhaineann le comhaontú ráthaíochta a fhorchuirtear ar an tomhaltóir le téarma comhaontaithe creidmheasa atá déanta aige, lena mbaineann méadú ar mhéid iomlán an fhiachais, faoin gcoincheap ‘costas iomlán an chreidmheasa don tomhaltóir’ agus, dá bhrí sin, faoin gcoincheap ‘APR’.

88 I gcomhréir le hAirteagal 3(g) de Threoir 2008/48, áirítear leis an gcoincheap ‘costas iomlán an chreidmheasa don tomhaltóir’ na costais uile, lena n-áirítear ús, coimisiúin, cánacha, agus gach cineál táillí eile a cheanglaítear ar an tomhaltóir a íoc i dtaca leis an gcomhaontú creidmheasa agus arb eol don chreidiúnaí fúthu, cé is moite de tháillí nótaire. I gcomhréir leis an bhforáil sin, áirítear leis na costais sin freisin costais a bhaineann le seirbhísí coimhdeacha a bhaineann leis an gcomhaontú creidmheasa más rud é, ina theannta sin, go bhfuil tabhairt i gcrích an chonartha seirbhíse éigeantach chun an creidmheas a fháil é féin nó i gcomhréir le téarmaí agus coinníollacha tráchtála.

89 De bhun Airteagal 3(i) de Threoir 2008/48, ciallaíonn APR costas iomlán an chreidmheasa don tomhaltóir, arna shloinneadh mar chéatadán bliantúil de mhéid iomlán an chreidmheasa, i gcás inarb infheidhme lena n-áirítear na táillí dá dtagraítear in Airteagal 19(2) den Treoir sin.

90 Chun cosaint fhairsing do thomhaltóirí a áirithiú, ghlac reachtóir an Aontais sainmhíniú leathan ar an gcoincheap ‘costas iomlán an chreidmheasa don tomhaltóir’, ina dtagraítear do na costais uile a cheanglaítear ar an tomhaltóir a íoc i leith an chomhaontaithe creidmheasa agus arb eol don chreidiúnaí fúthu (breithiúnas an 21 Márta 2024, *Profi Credit Bulgaria (Seirbhísí atá coimhdeach le comhaontú creidmheasa)* (C-714/22, EU:C:2024:263, mír 40 agus an cásdlí dá dtagraítear).

91 Ba cheart a mheabhrú go luaitear in aithris 22 de Threoir 2008/48, ar an gcéad dul síos, gur cheart a thoimhdiú go bhfuil an creidiúnaí ar an eolas faoi chostais na seirbhísí coimhdeacha, a thairgeann sé don tomhaltóir féin nó thar ceann tríú páirtí, mura rud é go mbraitheann a bpraghas ar shaintréithe nó ar imthosca sonracha an tomhaltóra agus, ar an dara dul síos, fiú mura féidir méid chostais na seirbhísí coimhdeacha sin a chinneadh roimh ré, ba cheart do thomhaltóirí faisnéis leordhóthanach a fháil ag an gcéim réamhchonarthach maidir leis na costais sin a bheith ann.

92 Baineann an t-ochtú ceist le cás comhaontaithe creidmheasa lena bhforchuirtear oibleagáid ar an iasachtaí comhaontú ráthaíochta a thabhairt i gcrích chun an creidmheas a fháil. Dá bhrí sin, is ionann soláthar ráthaíochta, faoin gconradh deireanach sin, agus seirbhís atá nasctha leis an gcomhaontú creidmheasa, de réir bhrí Airteagal 3(g) de Threoir 2008/48 agus, a mhéid atá tabhairt i gcrích an chomhaontaithe ráthaíochta éigeantach chun an creidmheas féin a fháil, is cuid de ‘chostas iomlán an chreidmheasa don tomhaltóir’ iad na costais a bhaineann leis an gconradh sin, i gcomhréir leis an bhforáil sin. Dá bhrí sin, faoin Airteagal sin, i pointe (i) de, ní mór iad a chur san áireamh chun APR a ríomh.

93 I bhfianaise na mbreithnithe sin, is é an freagra ar an ochtú ceist ná nach mór Airteagal 3(g) agus (i) de Threoir 2008/48 a léiriú sa chaoi go dtagann na costais a bhaineann le comhaontú ráthaíochta a fhorchuirtear ar an tomhaltóir lena thabhairt i gcrích le téarma comhaontaithe creidmheasa atá suibscríofa aige, lena mbaineann méadú ar mhéid iomlán an fhiachais, faoin gcoincheap ‘costas iomlán an chreidmheasa don tomhaltóir’ agus, dá bhrí sin, faoin gcoincheap ‘APR’.

An naoú agus an deichiú ceist

94 Lena naoú agus a deichiú ceist, arb iomchuí iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 10(2)(g) agus Airteagal 23 de Threoir 2008/48 a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo, i gcás nach luaitear APR i gcomhaontú creidmheasa tomhaltóirí lena n-áirítear na costais go léir dá bhforáiltear in Airteagal 3(g) den Treoir sin, ar an gconradh sin a mheas a bheith saor ó ús agus ó tháillí, agus mar gheall air sin nach mbeidh de thoradh ar a neamhniú ach go n-aisíocfaidh an tomhaltóir lena mbaineann an caipiteal a tugadh ar iasacht.

95 Ba cheart a mheabhrú, ar an gcéad dul síos, go bhforáiltear le hAirteagal 10(2) de Threoir 2008/48 do chomhchuibhiú iomlán a mhéid a bhaineann leis na heilimintí nach mór a áireamh i gcomhaontú creidmheasa. Chuige sin, foráiltear le hAirteagal 10(2)(g) den Treoir sin go léireofar sa chomhaontú creidmheasa, ar bhealach soiléir agus gonta, APR agus an méid iomlán is iníoctha

ag an tomhaltóir, arna ríomh tráth thabhairt i gcrích an chomhaontaithe creidmheasa (breithiúnas an 21 Márta 2024, *Profi Credit Bulgaria (Seirbhísí atá coimhdeach le comhaontú creidmheasa)*, C-714/22, EU:C:2024:263, mír 50).

96 Leanann sé ón gcásdlí go bhfuil an tagairt do APR sa chomhaontú creidmheasa ríthábhachtach, go háirithe a mhéid a chuireann sé ar chumas an tomhaltóra measúnú a dhéanamh ar raon feidhme a ghealltanais (breithiúnas an 21 Márta 2024, *Profi Credit Bulgaria (Seirbhísí atá coimhdeach le comhaontú creidmheasa)*, C-714/22, EU:C:2024:263, mír 51).

97 Ar an dara dul síos, leanann sé ó Airteagal 23 de Threoir 2008/48, arna léamh i bhfianaise aithris 47 di, cé go bhfuil rogha na rialacha maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach sin fós faoi rogha na mBallstát, nach mór na pionóis dá bhforáiltear ar an gcaoi sin a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Ciallaíonn sé sin nach mór déine na bpionós sin a bheith i gcomhréir le tromchúis na sáruithe a bhforchuirfear iad ina leith, go háirithe trí éifeacht fhíor-dhíspreagthach a áirithiú, agus prionsabal ginearálta na comhréireachta á chomhlíonadh ag an am céanna (breithiúnas an 21 Márta 2024, *Profi Credit Bulgaria (Seirbhísí atá coimhdeach le comhaontú creidmheasa)*, C-714/22, EU:C:2024:263, mír 52).

98 I bhfianaise a fhíorthábhachtaí atá sé don tomhaltóir tagairt a dhéanamh do APR i gconradh den sórt sin, chinn an Chúirt go bhféadfaidh cúirt náisiúnta reachtaíocht náisiúnta a chur i bhfeidhm *ex officio* lena bhforáiltear go measfar go bhfuil an creidmheas a dheonaítear saor ó ús agus ó tháillí in éagmais na tagartha sin (breithiúnas an 21 Márta 2024, *Profi Credit Bulgaria (Seirbhísí atá coimhdeach le comhaontú creidmheasa)*, C-714/22, EU:C:2024:263, mír 53).

99 Chinn an Chúirt freisin, i gcás inar tagraíodh do APR measta i gcomhaontú creidmheasa, nár mhór a mhéid beacht a shonrú tar éis an creidmheas a dheonú, nár mhór a mheas go raibh pionós forghéillte den sórt sin maidir le ceart an chreidiúnaí ar ús agus ar tháillí comhréireach, de réir bhrí Airteagal 23 de Threoir 2008/48 (breithiúnas an 21 Márta 2024, *Profi Credit Bulgaria (Seirbhísí atá coimhdeach le comhaontú creidmheasa)*, C-714/22, EU:C:2024:263, mír 54).

100 Dá bhrí sin, ag féachaint do chineál fíor-riachtanach na tagartha do APR i gcomhaontú creidmheasa tomhaltóirí chun a chur ar a gcumas do thomhaltóirí a bheith ar an eolas faoina gcearta agus faoina n-oibleagáidí agus faoin gceanglas na costais uile dá dtagraítear in Airteagal 3(g) de Threoir 2008/48 a áireamh i ríomh an ráta sin, ní mór a mheas go bhfágann léiriú APR nach léiríonn na costais sin go léir go cruinn an fhéidearthacht don tomhaltóir raon feidhme a ghealltanais a chinneadh ar an mbealach céanna leis an mainneachtain an ráta sin a lua. Dá bhrí sin, le pionós forghéillte maidir le ceart an chreidiúnaí ar úis agus ar tháillí, i gcás ina léirítear APR nach n-áirítear na costais sin go léir leis, léirítear tromchúis an tsáraithe sin agus tá sé athchomhairleach agus comhréireach (breithiúnas an 21 Márta 2024, *Profi Credit Bulgaria (Seirbhísí atá coimhdeach le comhaontú creidmheasa)*, C-714/22, EU:C:2024:263, mír 55).

101 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, is é an freagra ar an naoú agus an deichiú ceist nach mór Airteagal 10(2)(g) agus Airteagal 23 de Threoir 2008/48 a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leo, i gcás nach luaitear APR i gcomhaontú creidmheasa tomhaltóirí lena n-áirítear na costais uile dá bhforáiltear in Airteagal 3(g) den Treoir sin, ar a mheas go bhfuil an conradh sin saor ó ús agus ó tháillí, rud a fhágann nach mbeidh de thoradh ar a neamhniú ach go n-aisíocfaidh an tomhaltóir lena mbaineann an caipiteal a tugadh ar iasacht.

Costais

102 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na príomhpháirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt Bhreithiúnais (an Deichiú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Maidir le hAirteagal 4(2) de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ní chuirtear cosc leis ar mheasúnú a dhéanamh ar chineál féideartha éagórach na dtéarmaí comhaontuithe ráthaíochta lena gcinntear oibleagáidí an ráthóra agus an fhéichiúnaí sna príomhimeachtaí, i gcás ina mbeidh an conradh sin tugtha i gcrích ag an bhféichiúnaí an tráth céanna leis an gcomhaontú creidmheasa agus chun oibleagáid dá bhforáiltear leis an gconradh sin a chomhlíonadh, i gcás inar fochuideachta de chuid an chreidiúnaí nó duine arna roghnú ag an gcreidiúnaí an ráthóir agus i gcás ina mbeidh na táillí ráthaíochta iníoctha ag an am céanna le tráthchodanna na hiasachta.

2. **Maidir le pointe 1(i), (j) agus (m) den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 93/13,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ní thagann téarma faoina ngeallann tomhaltóir, i gcomhthéacs comhaontaithe creidmheasa, comhaontú ráthaíochta a thabhairt i gcrích le ráthóir arna roghnú ag an gcreidiúnaí, gan bheith ar an eolas, tráth a thugtar an comhaontú creidmheasa i gcrích, faoi chéannacht an ráthóra ná faoi inneachar théarmaí an chomhaontaithe ráthaíochta sin, faoi na forálacha sin.

3. **Maidir le hAirteagal 8 de Threoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagothroma idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoracha 97/7/CE, 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 5(5) den Treoir sin agus le hIarscríbhinn I a ghabhann léi,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ní cleachtas tráchtála ionsaitheach i ngach imthoisc é téarma a áireamh i gcomhaontuithe creidmheasa trínar gá don tomhaltóir comhaontú ráthaíochta a thabhairt i gcrích le duine arna roghnú ag an gcreidiúnaí.

4. **Maidir le hAirteagal 6(1) de Threoir 93/13,**

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní fhéadfaidh an chúirt náisiúnta, a éisteann iarratas ar ordú íocaíochta i gcomhthéacs imeachtaí nach nglacann an féichiúnaí-tomhaltóir páirt iontu, téarma an chomhaontaithe creidmheasa tomhaltóra arna thabhairt i gcrích idir an tomhaltóir sin agus an trádálaí lena mbaineann a fhágáil gan feidhm, *ex officio*, mura bhfuil sí cinnte go gcaithfear an téarma sin a aicmiú mar théarma 'éagórach' de réir bhrí Airteagal 3(1) den Treoir sin. Mar sin féin, d'fhéadfadh amhras a bheith ann an bhféadfadh an tomhaltóir glacadh leis an téarma sin mar thoradh ar chleachtas tráchtála éagórach, de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2005/29, a bheith ina thoisc amháin, i measc tosca eile, a fhéadfar a chur san áireamh maidir le measúnú ar éagothroime fhéideartha an téarma atá i gceist.

5. **Maidir leis an gcoincheap 'comhaontú creidmheasa nasctha' de réir bhrí Airteagal 3(n) de Threoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 87/102/CEE ón gComhairle,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ní thagann comhaontú creidmheasa faoi sin a bhfuil a thabhairt i gcrích nasctha le tabhairt i gcrích comhaontaithe ráthaíochta le tríú páirtí a íoctar chun na críche sin.

6. **Maidir le hAirteagal 3(g) agus (i) de Threoir 2008/48,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   tagann na costais a bhaineann le comhaontú ráthaíochta, a bhforchuirtear a thabhairt i gcrích ar an tomhaltóir le téarma i gcomhaontú creidmheasa atá déanta aige, lena mbaineann méadú ar mhéid iomlán an fhiachais, faoin gcoincheap 'costas iomlán an chreidmheasa don tomhaltóir' agus, dá bhrí sin, faoin gcoincheap 'ráta céatadánach bliantúil'.

7. **Maidir le hAirteagal 10(2)(g) agus Airteagal 23 de Threoir 2008/48,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ní chuirtear cosc leo, i gcás nach luaitear ráta céatadánach bliantúil i gcomhaontú creidmheasa tomhaltóra lena n-áirítear na costais uile dá bhforáiltear in Airteagal 3(g) den Treoir sin, ar a mheas go bhfuil an conradh sin saor ó ús agus ó tháillí, agus mar gheall air sin nach mbeidh de thoradh air ach go n-aisíocfaidh an tomhaltóir lena mbaineann an caipiteal a tugadh ar iasacht.

Sínithe